



# An Scéim um Chúnammh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta

## Foirm CI 3

### Iarratas ar Sheirbhísí Dlí / Dearbhú maidir le hAcmhainní Airgeadais

Sula ndéantar an fhoirm seo a chomhlánú, a shíniú agus a chur isteach chuig an gCúirt, ba cheart don duine atá ag déanamh iarratais ar rochtain ar ionadaíocht dlí faoin Scéim um Chúnammh Dlíthiúil - Saincheisteanna Coimeádta na nótaí treorach agus an dearbhú atá ar leathanach 2 a léamh go cúramach agus iad a thuiscint. Ba cheart gach ceist i Rannóga A go F a chomhlánú i mBLOCLITREACHA.

#### A. Sonraigh cén cineál dlíthíochta\* atá i gceist:

Barántas Gabhála Eorpach		Uimhir thagartha na hArd-Chúirte nó na Cúirte Uachtaraí	
Eiseachadhadh			
Habeas Corpus (Airt. 40.4.2)			
Foriarratas ar Bhannaí			
Athbhreithniú Breithiúnach			

#### B. Sonraí pearsanta (BLOCLITREACHA):

Ainm	
Seoladh buan i bPoblacht na hÉireann	
Uimhir PSP	
Dáta breithe	

#### C. Tabhair sonraí maidir le do phríomhfhoinsí ioncaim (cuir isteach “NÁID” nuair is infheidhme):

Sonraí maidir le d'ioncam	Tuairisc / cineál	Ioncam bliantúil
Leas Sóisialach		
Fostaíocht		
Pinsean		
Gnó / Féinfhostaíocht		
Foinsí eile ioncaim		

#### D. Tabhair na sonraí iomlána maidir le do shócmhainní i ngach dlínse (cuir isteach “NÁID” nuair is infheidhme):

Sonraí maidir le do shócmhainní	Luach na sócmhainní arna sealbhú in Éirinn	Luach na sócmhainní arna sealbhú i ndlínsí eile
Maoin		
Cuntais Bhainc		
Stoic & Scaireanna		
Airgead tirim / Airgeadra Coigríche		
Mótar & Feithiclí Eile		
Sócmhainní Eile		

### E. Tabhair na sonraí seo a leanas maidir le teaghlach / cleithiúnaigh:

Inis cén stádas pósta atá agat	
An bhfuil céile nó páirtí agat a bhfuil tú ag cónaí leo?	
Cén mhéid (más ann) leanbh cleithiúnach atá ina gcónaí leat?	

### F. Tabhair sonraí maidir leis na príomhchostais a bhíonn ort gach mí:

(m.sh. morgáiste, iasachtaí airgid, íocaíochtaí cothabhála srl) Ná cuir billí fónais / teileafóin srl san áireamh)

Cur síos ar an gCostas	Caiteachas míosúil

### G. Nótaí Treorach

Is é feidhm na Scéime um Chúnamh Dlíthiúil - Saincheisteanna Coimeádta ionadaíocht dlí a sholáthar, i gcineálacha áirithe dlíthíochta\*, do dhaoine a dteastaíonn sé uathu ach nach bhfuil in acmhainn íoc as. Ní mór do dhuine ar mian leis "moladh" a fháil ón gCúirt go gcuirfí an Scéim i bhfeidhm iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ag tús na n-imeachtaí. Níl mór don iarratasóir an Chúirt a shásamh, *inter alia*, nach bhfuil sé d'acmhainn aige nó aici aturnae a choinneáil (nó, nuair is iomchuí, abhcóide) agus ní mór dó nó di faisnéis den sórt sin a sholáthar maidir lena (h)acmhainní airgeadais de réir mar is cuí leis an gCúirt. Tá sé ar intinn ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil go gcuideoidh an fhaisnéis arna soláthar sa doiciméad seo leis an gCúirt agus í ag meas acmhainní airgeadais an iarratasóra agus í ag cinneadh dá réir sin cibé: (a) tuilleadh eolais a lorg, (b) moladh a dhéanamh i bhfabhar na Scéime a chur i bhfeidhm, nó (c) diúltú moladh a dhéanamh i bhfabhar na Scéime a chur i bhfeidhm.

Ní mór an fhaisnéis san Fhoirm a chuirtear ar fáil don Chúirt a bheith cruinn agus ba chóir a thabhairt ar aird gurb é beartas an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil ná nach mbreithneofar éilimh ar íocaíochtaí faoin Scéim ná ní phróiseálfar iad i gcás gur léir gur chuir an t-iarratasóir faisnéis bhréagach, mhíthreorach nó a bhí neamhiomlán tríd is tríd isteach maidir lena gcuid acmhainní airgeadais. In imthosca den sórt sin, measfar go mbeidh an t-iarratasóir freagrach ó thaobh airgid de as a gcuid táillí dlí féin.

\* Is féidir breis eolais a fháil maidir le forálacha na Scéime (lena n-áirítear ceanglais incháilitheachta) ag: [www.legallaidboard.ie](http://www.legallaidboard.ie).

### H. Dearbhú an Iarratasóra

**Ba cheart don Iarratasóir na Nótaí Treorach thuas a léamh go cúramach agus iad a thuiscint mar aon leis na pointí go léir thíos sula síníonn sé nó sí an Dearbhú seo.**

- (i) Déanaim iarratas leis seo ar ionadaíocht dlí faoin Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta. Tuigim go bhféadfaí iarraidh orm an fhaisnéis a thugaim sa dearbhú seo a dheimhniú.
- (ii) Tugaim mo thoiliú leis seo don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil aon tuairisc a mheasann siad is gá a lorg chun cruinneas na faisnéise a cuireadh isteach faoin iarratas seo a dheimhniú. Féadfar tuairisc den sórt sin a lorg ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ó aon chomhlacht poiblí eile is dóigh a bheidh in ann, i dtuairim an Bhoird, cúnamh a thabhairt chun cruinneas na faisnéise a thug mé thuas a dheimhniú.
- (iii) Tuigim i gcás gur léir gur cuireadh faisnéis bhréagach, mhíthreorach nó neamhiomlán tríd is tríd isteach, go measfar go mbeidh mé freagrach ó thaobh airgid de as na táillí dlí ar fad a thabhoífar.
- (iv) Tuigim i gcás gur íocadh táillí dlí cheana féin i dtaca le duine, ar léir ina dhiaidh sin, go ndearna sé nó sí dearbhú bréagach nó a bhí neamhiomlán tríd is tríd faoin iarratas seo, gurb é beartas an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil aisíocaíocht an chostais a bhain le hionadaíocht dlí den sórt sin a lorg ón duine a rinne an dearbhú.
- (v) Dearbhaím leis seo ar feadh m'eolais agus mo thuairime go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtaca leis an iarratas seo cruinn agus iomlán.

Síithe: \_\_\_\_\_

Dáta: